www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

| Uimhir Iarrthóra | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2016–2017

# Eolaíocht: Teastas Singil

Aonad 2 (Ceimic)
Ardsraith

GSS22

**[GSS22]**

**DÉARDAOIN 10 SAMHAIN 2016, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **deich** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**


Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **2** agus **9**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, sa scrúdpháipéar seo.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| **Marc Iomlán** | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** An graf thíos, taispeánann sé an céatadán de phlaisteach, de ghloine agus de pháipéar a athchúrsáladh i dtír idir na blianta 1965 agus 2015.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir*

**(i)** Cé acu ábhar a léiríonn an méadú céatadánach is mó idir na blianta **1985** agus **1995**?

______________________________ [1]

**(ii)** Ríomh an méadú céatadánach d'athchúrsáil páipéir ó **1965** go **2015**.

(Taispeáin do chuid oibre.)

____________________ % [2]

**(iii)** Cuir síos ar na céimeanna in athchúrsáil gloine i ndiaidh í a sheachadadh chuig monarcha.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Dramhaíl nach ndéantar athchúrsáil uirthi, is minic a chuirtear sa deireadh i láithreáin líonadh talún í.



*© Ashley Cooper / Science Photo Library*

Seo cuid de na hearraí dramhaíola a bhíonn le fáil i láithreán líonadh talún: cannaí alúmanaim, dramhaíl bhia, buidéil ghloine, nuachtáin agus málaí plaistigh. A lán de na rudaí seo, fanfaidh siad sna láithreáin líonadh talún go ceann na gcéadta bliain. Cuid den dramhaíl, bíonn truailleáin gháis ag teacht aisti agus is féidir léi leachtanna bréana a tháirgeadh a bhíonn ag sileadh isteach i soláthair uisce. Suirbhé a rinneadh ar na mallaibh, tugann sé le fios go gcaithfear a lán láithreán líonadh talún a aimsiú gach bliain mar gheall ar an toirt mhór dramhaíola atá á táirgeadh.

Ná húsáid **ach** an fhaisnéis atá curtha ar fáil le codanna **(i)** agus **(ii)** thíos a fhreagairt.

**(i)** Seachas dramhaíl bhia, luaigh ábhar **amháin** eile atá in-bhithmhillte.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le bheith i do chónaí in aice le láithreán líonadh talún.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**(c)** Cuid de na hábhair, tá siad do-bhithmhillte. Mínigh ina iomláine an téarma 'do-bhithmhillte.'

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]


**(d)** Luaigh dóigh **amháin** a dtiocfadh le húdaráis áitiúla daoine a spreagadh le níos mó dramhaíola a athchúrsáil.

_______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Thosaigh obair luath ar an Tábla Pheiriadach sa 19ú haois. In 1864, chuir John Newlands na 62 dúil a raibh eolas orthu san am isteach ina thábla peiriadach. Rinne Dmitri Mendeleev tuilleadh forbartha air seo in 1869.



**John Newlands**

*© Science Photo Library*



**Dmitri Mendeleev**

*© Sputnik / Science Photo Library*

Cuir síos ar obair na beirte eolaithe seo i bhforbairt an Tábla Pheiriadaigh.

Ba chóir na rudaí seo a bheith i do fhreagra:

- Smaointe Newlands
- Feabhsuithe Mendeleev
- ainm an Ghrúpa de mhiotail neamh-imoibríocha nach bhfuil san áireamh i dtábla Mendeleev.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3 (a)** Bíonn iain mhiotail thuaslagtha i roinnt uisce ón sconna ar féidir leo é a dhéanamh crua.

**(i)** Luaigh ainm ian miotail **amháin** is cúis le huisce ón sconna a bheith crua.

______________________________ [1]

**(ii)** Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le huisce crua.

Buntáiste ______________________________

______________________________

Míbhuntáiste ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Rinneadh cruas trí shampla uisce **X**, **Y** agus **Z** a thomhas le tuaslagán gallúnaí. Rinneadh samplaí nua a fhiuchadh agus rinneadh an turgnamh arís.
Tá na torthaí taispeánta thíos.

| **Sampla uisce** | **An toirt de thuaslagán gallúnaí atá de dhíth le sobal buan a fhoirmiú/$cm^3$** | |
|---|---|---|
| | **Roimh fhiuchadh** | **I ndiaidh fiuchadh** |
| **X** | 2 | 2 |
| **Y** | 17 | 17 |
| **Z** | 13 | 2 |

Luaigh an cineál uisce i samplaí **Y** agus **Z**. Mínigh do fhreagraí.

**(i)** Sampla **Y** ______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Sampla **Z** ______________________________


______________________________

______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** In 1912, chuir eolaí Gearmánach darbh ainm Alfred Wegener an teoiric chun tosaigh go raibh na hilchríocha ceangailte le chéile fadó mar shár-ilchríoch amháin, mar atá léirithe sa léaráid thíos. Ba é moladh Wegener gur bhris an tsár-ilchríoch seo anuas agus gur imigh na codanna ar shiúl óna chéile. Thug sé teoiric na gluaiseachta ilchríochaí air seo.




*© Spencer Sutton / Science Photo Library*

**(a)** Píosa amháin fianaise a thacaigh lena theoiric ná go bhfuarthas iontaisí cosúla i Meiriceá Theas agus san Afraic.

**(i)** Cad é an rud é 'iontaise'?

______________________________

______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh dhá phíosa **eile** fianaise a thug le fios go raibh na hilchríocha ceangailte go dlúth le chéile fadó.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(b)** Luaigh fáth **amháin** ar diúltaíodh do theoiric na gluaiseachta ilchríochaí de chuid Wegener in 1912.

______________________________

______________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** An tábla thíos, tugann sé faisnéis faoi na dathanna a bhíonn ar thrí tháscaire i gceimiceáin dhifriúla.

| | **Dath** | | |
|---|---|---|---|
| **Táscaire** / **Ceimiceán** | **litmeas dearg** | **Táscaire Uilíoch** | **sú biatais** |
| aigéad citreach | dearg | oráiste | dearg |
| uisce | dearg | glas | corcra |
| hiodrocsaíd sóidiam | gorm | corcra | buí |
| aigéad hidreaclórach | dearg | dearg | dearg |
| hidrigincharbónáit sóidiam | gorm | gorm | glas |

**(a)** Úsáid an fhaisnéis seo agus do chuid eolais féin leis na ceisteanna thíos a fhreagairt.

**(i)** Ón tábla, ainmnigh an t-aigéad láidir.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cé acu táscaire is mó a bheadh úsáideach le réimse iomlán luachanna pH a thabhairt? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(iii)** Ainmnigh an táscaire **nach** léireodh go bhfuil uisce neodrach. Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(b)** Luaigh na foirmlí ceimiceacha d’aigéad hidreaclórach agus do hidrigincharbónáit sóidiam.


Aigéad hidreaclórach _______________________________________________

Hidrigincharbónáit sóidiam _______________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** **(a)** Anseo thíos tá léaráid a thaispeánann móilín de hidrigin.




**(i)** Ar an léaráid, taispeáin an dóigh a bhfuil na leicteoin cóirithe sa mhóilín seo. [1]


**(ii)** Ainmnigh móilín **amháin** eile a fhoirmíonn naisc ar dhóigh cosúil le hidrigin.

______________________________ [1]

**(b)** An tábla thíos, taispeánann sé faisnéis faoi chúig dhúil atá le fáil i bPeiriad 3 den Tábla Pheiriadach.

| **Dúil** | Sóidiam | Maignéisiam | Alúmanam | Sileacan | Fosfar |
|---|---|---|---|---|---|
| **Siombail** | Na | Mg | Al | Si | P |
| **Uimhir adamhach** | 11 | 12 | 13 | 14 | 15 |
| **Leáphointe /°C** | 98 | 639 | 660 | 1410 | 44 |
| **Carachtar miotalach** | miotal | miotal | miotal | leath-mhiotal | neamh-mhiotal |

**(i)** Comhlánaigh an léaráid thíos leis an dóigh a bhfuil na leictreoin cóirithe i bhfosfar a léiriú.




*Foinse: Príomhscrúdaitheoir* [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a n-athraíonn an carachtar miotalach trasna Pheiriad 3 den Tábla Pheiriadach.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(iii)** Cuir síos ar an treocht sna leáphointí do na dúile **miotail** atá taispeánta sa tábla.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

**(c)** Is comhdhúil í ocsaíd mhaignéisiam. Cad é a chiallaíonn an téarma ‘comhdhúil?’

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**(d)** Tá an chothromóid focal d’imoibriú a bhfuil maignéisiam páirteach ann á taispeáint thíos.

maignéisiam + sulfáit chopair → copar + sulfáit mhaignéisiam

Ainmnigh an **cineál** imoibrithe atá á thaispeáint agus mínigh cén fáth a dtarlaíonn an t-imoibriú seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**7** **(a)** Baintear úsáid as ábhair chumaisc go forleathan i monarú na n-aerárthaí.

**(i)** Mínigh ina iomláine an téarma 'ábhar cumaisc'.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [2]

Anseo thíos tá eolas faoi na hábhair a úsáideadh le dhá aerárthach, **A** agus **B**, a mhonarú.

| Aerárthach **A** | Aerárthach **B** |
|---|---|
| Cruach – 14%<br>Tíotáiniam – 15%<br>Alúmanam – 50%<br>Ábhar cumaisc – 12%<br>Eile – 9% | Cruach – 9%<br>Tíotáiniam – 14%<br>Alúmanam – 21%<br>Ábhar cumaisc – 50%<br>Eile – 6% |
| Costas lena mhonarú<br>£462 milliún | Costas lena mhonarú<br>£1646 milliún |

**(ii)** Úsáid an fhaisnéis thuas le fáth **amháin** a lua a mbeadh aerárthach **B** i bhfad níos costasaí le monarú ná aerárthach **A**.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(b)** Luaigh sampla **amháin** de:

**(i)** ábhar cumaisc ann ó nádúr.

______________________________________________________________________ [1]

**(ii)** ábhar cumaisc de dhéantús an duine.

______________________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**


www.xtrapapers.com

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc

**8** **(a)** Rinne dalta imscrúdú ar an imoibriú idir carbónáit mhaignéisiam agus farasbarr aigéad hidreaclórach. Rinne sí an t-imoibriú i bhfleascán a bhí curtha ar mheá agus thomhais sí an mhais gach dhá nóiméad. Tá a torthaí taispeánta thíos.

| **Am/nóim** | 0 | 2 | 4 | 6 | 8 | 10 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Mais iomlán an fhleascáin agus a bhfuil ann/g** | 100 | 99.1 | 98.5 | 98.0 | 97.7 | 97.5 | 97.5 |

**(i)** Ar an eangach thíos breac agus tarraing líneghraf de na torthaí seo.




[3]

**(ii)** Cuir síos ar an treocht atá léirithe leis na torthaí seo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

(iii) Cén fáth a n-athraíonn an mhais san imoibriú seo?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(b)** Cén t-am a raibh an charbónáit mhaignéisiam uilig imoibrithe?

______________ nóim [1]

**(c)** Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú seo.

carbónáit mhaignéisiam + aigéad hidreaclórach → [ ] + [ ] + [ ]

[2]

**(d)** Rinne an dalta an turgnamh arís ag úsáid aigéad eatánóch, atá níos laige ná aigéad hidreaclórach.

Cuir síos ar chosúlacht **amháin** agus ar dhifríocht **amháin** a bhreathnófaí le linn imoibriú gach ceann de na haigéid seo le carbónáit maignéisiam.

Cosúlacht ______________________________________________

______________________________________________

Difríocht ______________________________________________

______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**9** Sa 17ú haois d'úsáid an tArdeaspag Ussher an Bíobla le haois an Domhain a mheas. Modh níos eolaíche a úsáideadh ar na mallaibh, a raibh dátú carraigeacha i gceist leis, thug sé aois dhifriúil.

Cuir síos ar an dóigh a n-úsáidtear gach ceann den dá mhodh le haois an Domhain a ríomh. Cuir isteach i do fhreagra an aois atá measta le gach modh.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

____________________________________________________________________ [6]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**10** **(a)** Is hidreacarbóin iad na comhdhúile seo a leanas.

**bútán** **meatán** **eitéin** **própán** **eatán**

**(i)** Cé acu de na comhdhúile seo **nach** alcán é?

______________________________ [1]

**(ii)** Tá an fhoirmle cheimiceach $\mathbf{C_4H_{10}}$ ag bútán.

Sa spás thíos, tarraing an fhoirmle **struchtúrach** do bhútán.

[1]

**(iii)** Luaigh an fhoirmle cheimiceach do mheatán.

______________________________ [1]

**(iv)** Scríobh cothromóid siombailí chothromaithe do dhóchán própáin $\mathbf{(C_3H_8)}$.

____________________________________________________________ [3]

**(b)** Is plaisteach í polaitéin a dhéantar le próiseas a bhfuil móilíní eitéine bainteach leis. Comhlánaigh an chothromóid siombailí lena thaispeáint an dóigh a ndéantar polaitéin ó eitéin.

$$n\left(\qquad\qquad\right) \longrightarrow \left(\qquad\qquad\right)_n$$

[2]

---

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

---

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatanóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT SALANN COITEANN, HIODROCSAÍDÍ AGUS OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Na salainn uilig de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Na níotráití uilig |
| An chuid is mó de na clóirídí, bróimídí agus iaidídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí d'airgead agus de luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE shulfáití luaidhe agus bhairiam<br>Tá sulfáit chailciam intuaslagtha ach sa bheagán |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na carbónáití de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hiodrocsaídí de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hocsaídí de shóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk

Rewarding Learning

8313.02

www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

# BILEOG SONRAÍ

Lena húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do:
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó ó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise lena n-úsáid sna scrúduithe.**

| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Tábla Peiriadach na nDúl | 2-3 |
| Siombailí d'Iain Roghnaithe | 4 |
| Intuaslagthacht Salann Coiteann | 4 |

# gcse eolaíocht

## ceimic
## teastas dúbailte
## teastas singil

www.xtrapapers.com

cea Rewarding Learning

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | 1 **H** Hidrigin 1 | | | | | | | | | | 4 **He** Héiliam 2 |
| 7 **Li** Litiam 3 | 9 **Be** Beirilliam 4 | | | | | | | | | | | 11 **B** Bórón 5 | 12 **C** Carbón 6 | 14 **N** Nítrigin 7 | 16 **O** Ocsaigin 8 | 19 **F** Fluairín 9 | 20 **Ne** Neon 10 |
| 23 **Na** Sóidiam 11 | 24 **Mg** Maignéisiam 12 | | | | | | | | | | | 27 **Al** Alúmanam 13 | 28 **Si** Sileacan 14 | 31 **P** Fosfar 15 | 32 **S** Sulfar 16 | 35.5 **Cl** Clóirín 17 | 40 **Ar** Argón 18 |
| 39 **K** Potaisiam 19 | 40 **Ca** Cailciam 20 | 45 **Sc** Scaindiam 21 | 48 **Ti** Tíotáiniam 22 | 51 **V** Vanaidiam 23 | 52 **Cr** Cróimiam 24 | 55 **Mn** Mangainéis 25 | 56 **Fe** Iarann 26 | 59 **Co** Cóbalt 27 | 59 **Ni** Nicil 28 | 64 **Cu** Copar 29 | 65 **Zn** Sinc 30 | 70 **Ga** Gailliam 31 | 73 **Ge** Gearmáiniam 32 | 75 **As** Arsanaic 33 | 79 **Se** Seiléiniam 34 | 80 **Br** Bróimín 35 | 84 **Kr** Crioptón 36 |
| 85 **Rb** Rubaidiam 37 | 88 **Sr** Strointiam 38 | 89 **Y** Itriam 39 | 91 **Zr** Siorcóiniam 40 | 93 **Nb** Niaibiam 41 | 96 **Mo** Molaibdéiniam 42 | 99 **Tc** Teicnéitiam 43 | 101 **Ru** Ruitéiniam 44 | 103 **Rh** Róidiam 45 | 106 **Pd** Pallaidiam 46 | 108 **Ag** Airgead 47 | 112 **Cd** Caidmiam 48 | 115 **In** Indiam 49 | 119 **Sn** Stán 50 | 122 **Sb** Antamón 51 | 128 **Te** Teallúiriam 52 | 127 **I** Iaidín 53 | 131 **Xe** Xeanón 54 |
| 133 **Cs** Caesium 55 | 137 **Ba** Bairiam 56 | 139 **La*** Lantanam 57 | 178 **Hf** Haifniam 72 | 181 **Ta** Tantalam 73 | 184 **W** Tungstan 74 | 186 **Re** Reiniam 75 | 190 **Os** Oismiam 76 | 192 **Ir** Iridiam 77 | 195 **Pt** Platanam 78 | 197 **Au** Ór 79 | 201 **Hg** Mearcair 80 | 204 **Tl** Tailiam 81 | 207 **Pb** Luaidhe 82 | 209 **Bi** Biosmat 83 | 210 **Po** Polóiniam 84 | 210 **At** Astaitín 85 | 222 **Rn** Radón 86 |
| 223 **Fr** Frainciam 87 | 226 **Ra** Raidiam 88 | 227 **Ac†** Achtainiam 89 | 261 **Rf** Rutarfoirdiam 104 | 262 **Db** Dúibniam 105 | 263 **Sg** Seaboirgiam 106 | 262 **Bh** Boiriam 107 | 265 **Hs** Haisiam 108 | 266 **Mt** Meitniriam 109 | 269 **Ds** Darmstaidiam 110 | 272 **Rg** Unúiniliam 111 | 285 **Cn** Únúinbiam 112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 **Ce** Ceiriam 58 | 141 **Pr** Praiséidmiam 59 | 144 **Nd** Neoidimiam 60 | 147 **Pm** Próiméitiam 61 | 150 **Sm** Samairiam 62 | 152 **Eu** Eoraipiam 63 | 157 **Gd** Gadailiam 64 | 159 **Tb** Teirbiam 65 | 162 **Dy** Diospróisiam 66 | 165 **Ho** Hoilmiam 67 | 167 **Er** Eirbiam 68 | 169 **Tm** Túiliam 69 | 173 **Yb** Itéirbiam 70 | 175 **Lu** Lúitéitiam 71 |
| 232 **Th** Tóiriam 90 | 231 **Pa** Prótactainiam 91 | 238 **U** Úráiniam 92 | 237 **Np** Neiptiúiniam 93 | 242 **Pu** Plútóiniam 94 | 243 **Am** Ameiriciam 95 | 247 **Cm** Cúiriam 96 | 245 **Bk** Beircéiliam 97 | 251 **Cf** Calafoirniam 98 | 254 **Es** Éinstéiniam 99 | 253 **Fm** Feirmiam 100 | 256 **Md** Meindiléiviam 101 | 254 **No** Nóbailiam 102 | 257 **Lr** Láirinciam 103 |

* 58 – 71 Na Lantanóidigh
† 90 – 103 Na hAchtanóidigh

$^{a}_{b}x$

a = mais adamhach choibhneasta (neasluach)
x = siombail adamhach
b = uimhir adamhach